

## 11. Comprendre des parents et des adolescents qui expriment leurs irritations, leurs reproches et leurs regrets.

Comhrá a thuiscint idir tuismitheoirí agus déagóirí a chuireann in iúl go bhfuil siad míshásta, go bhfuil cúis ghearáin acu agus go bhfuil aiféala orthu

### Dialóg 1

- Tar chuig an mbord, Régine. Tá sé réidh.
- Níl ocras orm.
- Ocras nó gan ocras, tá sé in am dinnéir. Tá an t-anraith ar an mbord. Tar anois.
- Tá tú do mo chrá, tá dáiríre. Tá mé ag teacht.
- Anois, inniu, an raibh lá maith agat?
- Na ceisteanna céanna i gcónaí. An-mhaith, go raibh maith agat.
- Régine, tabhair dom an t-arán le do thoil.

### Dialóg 2

- Seo thú faoi dheireadh, Josiane.
- Ó, shíl mé go mbeifeá i do chodladh.
- An bhfeiceann tú an t-am, a 2 a chlog ar maidin ! Dúirt tú meán oíche.
- Tá brón orm. Chaill mé an métro deiridh, bhí orm rothar a thógáil agus ...
- Ní thógann sé uair an chloig rothaíochta le teacht ar ais as Montparnasse.
- Ní thógann, ach tá sé dodhéanta áit a fháil le é a pháirceáil gar don teach. Bhí orm dul agus é a pháirceáil i bhfad ó bhaile, ag Sèvres Babylone mar a tharlaíonn sé, agus ansin bhí orm siúl ina dhiaidh sin.
- Éist, labhróidh muid faoi maidin amárach ach ní féidir cur suas leis seo. Beidh ort do nósanna a athrú.

### Dialóg 3

- Fan ort Brigitte, tá tú tar éis dath oráiste a chur i do chuid gruaige, tá tú tar éis tatú a fháil curtha ar do lámh le hainm do chara air, tá cneaspholladh i do shrón agus ceann eile i do theanga agus ní fios céard eile. Agus deir tú go mbíonn d'athair agus mé féin ag tabhairt amach i gcónaí !

## Dialóg 4

- Brón orm faoi sibh a dhúiseacht ach níl mo chuid eochracha agam.
- Éist, Albert, tagann tú abhaile uair an chloig níos déanaí ná mar a bhí súil leat agus ansin níl do chuid eochracha agat. An ag magadh atá tú nó céard ?

## Dialóg 5

- Cén fáth a bhfuair tú 4 sa mhata, Rodolphe ?
- Mar go bhfuil an múinteoir go dona ag míniú.
- Agus 7 i mBéarla ?
- Níl aon mhaith léi.
- Éist, Rodolphe. Má fhaigheann tú drochmharcanna, sin mar nach ndéanann tú do dhóthain oibre. Ní ar do chuid múinteoirí an locht. Mar gheall air sin, níl cead agat cluichí ríomhaireachta a imirt.

## Dialóg 6

- Tá mé bréan de. Deir sibh i gcónaí liom céard ba chóir dom a dhéanamh, cé leis is féidir liom dul amach. Faigheann sibh locht ar mo chuid éadaí, ar an mbealach a labhraím. Tá mo dhóthain agam de. Chomh maith leis sin, is me an t-aon duine sa rang a bhfuil a laghad sin airgead póca acu.
- Is leor sin, Agnès, tá tú críochnaithe....anois téigh suas i do sheomra. Labhróidh muid faoi arís amárach.
- Bhuel, tá sé sin níos fearr. Tá tú socraithe síos.
- Á, tá sé seo blasta !
- Agus do chara Thibault, cén chaoi a bhfuil sé ?
- Thibault, faigheann seisean 50 euro sa tseachtain, tá teilifíseán aige ina sheomra agus mionríomhaire.
- Ní gá duit ach a bheith tíosach leis an airgead a fhaigheann tú don Nollaig, do lá breithe agus leis an airgead a thugann do sheanmháthair duit gach mí. Inniu Dé Mairt agus tá airgead na seachtaine seo go léir caite agat cheana ...
- Agus ansin, ní bhíonn cead agam cairde a thabhairt abhaile riamh.

## Dialóg 7

- A Dhaid, cén áit ar chóir dom sailéad na hoíche aréir a chaitheamh ?
- San araid liath atá againn don bhruscar tí, André.
- Agus na cannaí coca cola, an gcaithim iad le bhur mbuidéal fíona?

- Ná déan. Téann an buidéal san araid mhór ghorm don ghloine, ta sé scríofa air, na cannaí sa cheann eile a bhfuil clúdach uaine air. An bhfuil tú á dhéanamh seo d'aon ghnó nó nach dtuigeann tú aon rud ? Tá tú **vraiment lourd** mar a deir do dheirfiúr, ach tá tú cineálta.
- A Dhaid, stop ag scaoileadh an uisce chomh fada sin. Níl gá agat leis an oiread sin uisce chun do lámha a ní. Cuimhnigh go bhfuil duine as gach seisear nach bhfuil teacht acu ar uisce inólta. Tá tú **vraiment lourd** mar a deir Mam.

## Dialóg 8

- Bhí sé taitneamhach, an chóisir aréir. Is trua liom ár gcairde Éireannacha a fhágáil, go háirithe Luán
- Sea, tuigim, Sophie. Ach abair seo liom, meas tú ar chóir dúinn an seomra a réiteach beagán tráthnóna aréir? Cén fáth nár chuimhnigh mé air?
- Tá an ceart agat Paul, is fíor duit. D'fhágamar na píosaí páipéir agus na cannaí ar an urlár in ainneoin go raibh muid tar éis málaí bruscair a ullmhú.
- Rinne muid dearmad! Beidh Madame Rousseau an-mhíshásta agus an ceart aici. Ba chóir dom a bheith tar éis iarraidh ar gach duine rudaí a ghlanadh suas. Is ormsa an locht.
- Dia daoibh. Suígí síos.